


Gníomhaíocht Daltaí: Iniúchadh - An Comhchuingeach d'Uimhir Choimpléascach

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach 'Comhchuingeach' ar CD an Dalta.



N.B. Maidir le huimhir choimpléascach z is \bar{z} a scríobhtar dá comhchuingeach.

- Faigh comhchuingeach coimpléascach na n-uimhreacha seo a leanas agus seiceáil do chuid freagraí leis an gcomhad idirghníomhach.

		Ríomh \bar{z} .
a.	$z_1 = 3 + 2i$	
b.	$z_1 = 2 + 3i$	
c.	$z_1 = 1 - 3i$	
d.	$z_1 = -1 - 2i$	
e.	$z_1 = -3 + 4i$	
f.	$z_1 = -i$	
g.	$z_1 = 4$	
h.	$z_1 = -1 - i$	
i.	$z_1 = 1 + \sqrt{25}i$ agus $z_2 = -2 - \sqrt{36}i$	

2. Cé acu trasfhoirmiú ar an léaráid Argand a thugann an comhchuingeach d' uimhir choimpléascach?

3. Más $2-4i$ an comhchuingeach coimpléascach de Z_1 , céard é Z_1 ?

4. An mbíonn comhchuingeach coimpléascach uathúil ag gach uimhir choimpléascach? Mínigh.

5. An mbíonn modal uimhir choimpléascach cothrom le modal a comhchuingigh choimpléascaigh? Mínigh do fhreagra.

6. Má a shuimíonn tú uimhir choimpléascach agus a comhchuingeach coimpléascach le chéile, cén saghas uimhir a gheobhaidh tú?

7. Suimíodh dhá uimhir choimpléascacha le chéile agus thug siad uimhir réadach mar fhreagra: céard is féidir a rá faoin dá uimhir?

8. Má dhealaíonn tú a comhchuingeach coimpléascach ó uimhir choimpléascach áirithe, cén saghas uimhir a gheobhaidh tú?

9. Iolraigh $2+3i$ faoina chomhchuingeach coimpléascach. Céard a thugann tú faoi deara?

10.
 - a. Iolraigh $a + bi$ faoina chomhchuingeach coimpléascach. Céard a thugann tú faoi deara?

 - b. An é sin a tharlaíonn i gcónaí nuair a iolraítear uimhir choimpléascach faoina comhchuingeach coimpléascach?
